



## Plean Lóistíochtúil

### Na Bunphrionsabail

- Tá freagracht ag an scoil, gach iarracht a dheánamh, sláinte agus sábháilteachas gach ball de chomhphobail na scoile a chinntiú- páistí, tuismitheoirí agus an fhoireann scoile. Cabhróidh an plean seo linn an fhreagracht seo a chomhlíonadh.
- Ag glacadh leis go bhfuileamar ag cloí le comhairle agus teoracha na Roinne, sé sin an Roinn Oideachas & Scileanna agus an Roinn Sláinte, tá sé níos fearr go bhfillleadh gach páiste ar an scoil ar feadh cúig lá agus ar feadh lá iomlán. Tá an plean seo curtha le chéile leis an aidhm sin a bhaint amach.
- Ní féidir an riosca ionfhabhtaithe a dhíbirt ina n-iomlán. Ach, le comh-oibriú gach ball de Chomhphobail na Scoile, is féidir an riosca a laghdú.
- I dteannta leis an gcomhoibriú, tá gá le solúbthacht agus dea-thoil gach aon duine, le cinntiú go n-éireoidh lenár bplean.

### Deastógála

- Fillfidh na páistí ar scoil, agus beidh páistí R3-R6 eagraithe i mbolgáin ranga.
- Tá an scoil roinnte i ndá ghrúpa, le amanta oscailte, sosanna agus críoch éagsula ag an dá ghrúpa.
- Beidh na Grúpaí eagraithe mar a leanas:

**Grúpa A: Rang 1, Rang 4, Naíonáin Bheaga & Naíonáin Mhóra**

**Grúpa B: Rang 2, Rang 3, Rang 3, Rang 5 & Rang 6**

- Beidh 1 X 10-nóim sosa agus 1 X 30 nóiméad sosa acu, mar is gnáth.
- Lastigh de gach rang 3-6, beidh na páistí eagraithe de réir faighneoga, le fad 1 méadair idir gach faighneog.
- Beidh díghalrán láimhe ar fáil ag gach pointe teacht isteach, ag gach seomra.



## Plean Lóistíochtúil

**Clárana:** 15 nóiméad idir an dá am oscailte.

Clárana Grúpa A	Clárana Grúpa B
8.50 – Tús an lae	9.05 – Tús an lae
10.30 –Clós	10.45 – Clós
10.40- Ar ais sa rang	10.55 – Ar ais sa rang
12.05 –Clós	12.40 – Clós
12.35- Ar ais sa rang	1.10 – Ar ais sa rang
1.30 – Deireadh an lae- Naíonáin	2.45 –deireadh an lae Rang 2, 3, 3, 5, 6
2.30- Deireadh an lae, R1 & R4	

### **Bealaí Isteach & Amach**

Príomhdhoras. Leanann an fhoireann an córas aon-bhealach, isteach tríd an príomhdhoras is amach an doras éalaithe sa seomra foirne.

Úsáideann gach rang a doras féin le teacht isteach is amach. Siúlann gach páiste díreach chuig a gcathaoir féin nuair a



## Plean Lóistíochtúil

thagann said isteach gach maidin. Ansin, beidh cead acu na cótaí a chrochadh, faighneog ar fhaighneog sa halla. Níl cead acu crochadh timpeall sa halla le chéile.

**Níl cead páirceáil ag an Áras am ar bith.**

### **Ag teacht ar Scoil**

Tar ar scoil ag d'am chuí. **Ná tar ar scoil ró-luath nó ró-dhéanach.** Beidh an geata siúlóide faoi ghlas go dtí 8.50am. Ní bheidh cead ag páistí teacht ar chlós na scoile roimh 8.50am.

### **Tús an Lae**

- Siúlann tuistmitheoirí trín an ngeata siúlóide ar maidin, fágfar an páiste ar chlós na scoile agus leanann na tuistí an córas aon-bhealach, trín an gcúlgeata, amuigh go Bóthar an Úlloird. Beidh ball foirne na scoile ann le cabhrú le gach duine. Iarrtar ar thuistí taisteal tríd comh tapa is féidir, gan moill.
- Beidh an córas seo a mhalairt don iarnóin. Tiocfaidh tuismitheoirí isteach trín an gcúlgeata agus abhaile trín an ngeata siúlóide. Féach nótaí breise ag bun an phlean seo i gcomhair tuilleadh eolais.
- Tá cead ag duine fásta amháin teacht chuig na scoile le páiste a fhágail nó a bhailiú. **Iarrtar ar gach duine fásta masc a chaitheamh an t-am uilig agus iad ar thalamh na scoile.**
- Beidh na páistí sna línte ar chlós na scoile leis an múinteoir.
- Iarrimid oraibh comhoibriú linn, ionas nach mbeadh sluaite móra ar chlós na scoile ag aon am amháin.
- Beidh gach rang ina línte, scartha go fisiciúl ó gach rang eile.
- Rachaidh na ranganna chuig na seomraí in éineacht leis an múinteoir.
- Níl cead ag aon duine fásta, seachas an fhoireann scoile, teacht isteach chuig aon fhoirgneamh scoile.
- Is féidir teachtaireachtaí a sheoladh tríd ríomhphost, fón nó Aladdin chuig na múinteoirí.

### **Deireadh an lae**

- Nuair atá an lá scoile thart:





## Plean Lóistíochtúil

- **Naíonáin 1.30i.n.** Siúlann an múinteoir ar an gclós lena rang i líne. Tá fáilte roimh thuistí teacht ar chlós na scoile, fanacht taobh thiar dena cónacha, ag coinneáil 2 mhéadair eatarthu an t-am ar fad.
- Tá fáilte roimh dhuine fásta amháin teacht ar chlós na scoile chun páiste a bhailiú. Iarrtar ar gach duine fásta masc a chaitheamh. **Scaoiltear gach páiste chuig a dtuiste, duine ar dhuine. Fágann gach tuiste/páiste láithreach tríd an ngeata siulóide**
- **Rang 1, Rang 4. 2.30pm.** Siúlann an múinteoir ar an gclós lena rang i líne. Tá fáilte roimh thuistí teacht ar chlós na scoile, fanacht taobh thiar dena cónacha, ag coinneáil 2 mhéadair eatarthu an t-am ar fad.
- Tá fáilte roimh dhuine fásta amháin teacht ar chlós na scoile chun páiste a bhailiú. Iarrtar ar gach duine fásta masc a chaitheamh. **Scaoiltear gach páiste chuig a dtuiste, duine ar dhuine. Fágann gach tuiste/páiste láithreach tríd an ngeata siulóide**
- Tá cead siblíni a bhailiú le chéile ó R1 & R4.
- **Rang 2, Rang 3, Rang 3. 2.45pm** Siúlann an múinteoir ar an gclós lena rang i líne. Tá cead ag tuistí Rang 2, Rang 3 agus Rang 3 teacht ar chlós na scoile, ag fanacht taobh thiar dena cónacha, ag fanacht 2 mhéadair óna chéile. Iarrtar ar gach duine fásta masc a chaitheamh. **Scaoiltear gach páiste chuig a dtuiste, duine ar dhuine. Fágann gach tuiste/páiste láithreach tríd an ngeata siulóide**
- Tá cead siblíni a bhailiú le chéile.
- **Rang 5, Rang 6. 2.45pm.** Siúlann an múinteoir ar an gclós lena rang i líne. Nil cead ag tuistí R5 & R6 teacht ar chlós na scoile. Má tá cead faighte ag páiste an scoil a fhágáil leo fein, beidh cead acu siúl amach tríd an ngeata siulóide. Caithfear an cead a thabhairt tríd Aladdin.

**Leanfar an córas seo, cibé aimsir atá againn, mar sin, deánaigí cinnte de go dtagann do pháiste ar scoil, gléasta don aimsir!**

**Beidh an fhoireann ag déanamh feitheoireacht ar an gcóras seo gach lá.**

**Tá an Bord Bainistíochta ag súil le tacaíocht ó gach tuiste, go leanfar na rialacha nua, le sláinte gach duine a chosaint.**

### **Ag bailiú páistí i rith an lá scoile**

Má tá gá páiste a bhailiú i rith an lá scoile, leanfar seo a leanas:

- Cur an oifig ar an eolas roimhré, agus tabhair am go Aoife/Natalie.
- Nuair a thagann an tuiste go geata na scoile, b'fhiú dóibh glaoh a chur ar an oifig.
- Tógfar an páiste ón tseomra ranga chuig an tuiste.
- Nil cead ag duine fásta, seachas na baill foirne, teacht isteach go fhoirgnimh na scoile, gan cuireadh.



## Plean Lóistíochtúil

### Ag Déileáil le Cás Amhrasta de COVID-19

Leithlisiú do dhaoine a dtagann airíonna nó comharthaí orthu sa suíomh oideachais

1. Má thagann airíonna nó comharthaí ar dhuine ar bith i rith an lae ar cúis imní iad faoi COVID-19, ba chóir don duine bogadh chomh tapa agus is féidir chuig seomra ar leith nó mura féidir sin a dhéanamh chuig limistéar ar leith níos mó ná 2m ar shiúl ó dhaoine eile seachas an duine / na daoine is gá chun tacaíocht a sholáthar go dtí gur féidir leo imeacht.
2. Ba chóir fios a chur ar na tuismitheoirí / caomhnóirí a iarraidh orthu teacht agus an dalta a thabhairt abhaile a luaithe is atá réasúnta go praiticiúil. Ní mór é seo a dhéanamh go measartha sciobtha ach ní éigeandáil é seo. Tá sé tábhachtach nach gcuireann tuismitheoirí agus caomhnóirí iad féin agus daoine eile faoi rioscaí eile (mar shampla timpiste tráchta ar bhóithre) ar an tuiscint gur éigeandáil é seo.
3. Ba chóir do thuismitheoirí / caomhnóirí comhairle leighis a ghlacadh maidir leis an gceanglas i dtaca le tástáil agus fad an eisiaimh ó shuíomh an oideachais.
4. Níl aon cheanglas ar dhaltáí ná ar bhaill foirne scoile eile cur isteach ar a ngníomhaíocht sceidealta láithreach má thagann comharthaí ar dhuine amháin.
5. Ba chóir dromchlaí teagmhála i ngaireacht don duine a bhfuil comharthaí aige a ghlanadh / a chuimilt.
6. Ba chóir don duine a bhíonn i gcuideachta an dalta atá ag fanacht le go mbaileofar é teagmháil fhisiciúil a theorannú a oiread agus is praiticiúil de réir riachtanais an dalta agus ba chóir dó masc máinliachta, scáthlán agus lámhainní nítríle a úsáid. Ní mór sláinteachas láimhe a chleachtadh tar éis lámhainní a bhaint.
7. Nuair a bhailítear an dalta, is féidir leis an duine tionlacain obair a atosú le daltaí eile tar éis TCP úsáidte a bhaint agus sláinteachas láimhe a chleachtadh.
8. Ní iomchuí deimhniú a éileamh ó dhochtúir sula bhfillfidh an dalta ar an suíomh oideachais. Tá deimhniú ann is féidir a iarraidh ar thuismitheoirí a chomhlánú ar láithreán gréasáin [hpsc.ie](https://hpsc.ie). Tionchar Ionfhabhtaithe COVID-19 a laghdú Is dócha go mbeidh tionchar ag ionfhabhtú COVID-19 ar roinnt daltaí agus CRSanna le lin



## Plean Lóistíochtúil

Ní mór do bhaill foirne nó daltaí fanacht sa bhaile agus iad ag taispeáint comhartha ar bith do COVID-19. Ní mór na treoracha seo a leanúint nuair atá scoil faoi leith ag iarraidh dul i ngleic le cás amhrasta sa scoil.

Dá mbeadh comharthaí COVID-19 á dtaispeáint ag foireann/dalta agus iad ar scoil, ní mór na nósanna imeachta seo a leanúint:

- Más rud é gur dalta é/í an duine le cás amhrasta, ní mór dul i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí an pháiste gan mhoill;
- Ní mór an duine a leithlisiú agus nós imeachta a chur i bhfeidhm chun iad a thabhairt ar an mbealach leithlise go dtí an t-ionad leithlise, ag fanacht 2m nó níos faide ón duine tinn agus ag déanamh cinnte go bhfuil gach éinne eile 2m ar a laghad ón duine tinn i gcónaí;
- Ní gá don ionad leithlise a bheith ina sheomra faoi leith, ach sa chás nach seomra é ba cheart go mbeadh an t-ionad 2m i bhfad ó na daoine eile sa seomra;
- Cuimhnigh go scaipeann an víreas trí bhraoiníní seachas a bheith ina víreas aer-iompartha, agus mar sin is féidir scaipeadh an víris a sheachaint trí scaradh sóisialta fiú nuair atá daoine eile sa seomra céanna;
- Ós rud é nach féidir leis an bhfoireann spás 2m a choimeád ón bpáiste ina chúram, ba cheart dóibh clúdach aghaidhe nó masc a chaitheamh. Ná caith lámhainní mar ní thaistealaíonn an víreas tríd an gcráiceann;
- Cuir clúdach aghaidhe ar fáil don duine le comharthaí COVID-19 má tá ceann ar fáil. Ní mór dó/di an masc a chaitheamh i gcomhlíonú le daoine eile, agus nuair atá sé/sí ag filleadh ón scoil;
- Déan measúnú ar chumas an duine le comharthaí COVID-19 filleadh abhaile gan mhoill (leis féin nó lena thuismitheoirí) agus ansin dul i dteagmháil lena dochtúir agus féin-aonrú a chleachtadh sa bhaile;
- Muna bhfuil an duine tinn in ann dul abhaile gan mhoill, cabhraigh leis leithlisiú ar scoil agus teagmháil a dhéanamh lena dhochtúir. Níor chóir dó a lámha a chur ar dhaoine eile, dromchlaí nó rudaí. Ba chóir comhairle a thabhairt don duine le comharthaí COVID-19 a bhéal agus a shrón a chlúdach leis an gciarsúr indiúscartha a chuirtear ar fáil nuair a bhíonn sé ag casacht nó ag sraothartach, agus an ciarsúr a chur sa mhála dramháiola a chuirtear ar fáil;
- Má tá sé de chumas ag an duine filleadh abhaile, socraigh go n-iompróidh ball clainne é abhaile chomh luath is féidir agus tabhair comhairle dó a chuid comharthaí a chur in iúl dá dhochtúir ar an bhfón. Ní mór iompar poiblí a sheachaint;



## Plean Lóistíochtúil

- Má tá sé ró-thinn chun filleadh abhaile nó má tá comhairle bhreise de dhíth ort, cuir glaoh ar 999 nó 112 agus cuir in iúl dóibh gur cás amhrasta COVID-19 é/í an duine tinn;
- Déan measúnacht ar an eachtra a bheith mar pháirt den chinneadh maidir le gníomhaíochtaí leantacha agus téarnamh;
- Déan socrú ar ghlantóireacht oiriúnach don ionad leithlise agus na láithreacha oibre cuí –

Cuirfidh an FSS aon teagmháil le cás daingnithe a bhí ag baill foirne/tuismitheoirí in iúl dóibh tríd an bpróiseas rianaithe teagmhála. Rachaidh an FSS i dteagmháil le gach duine ábhartha i gcás go ndéanfadh diagnóis COVID-19. Ní mór treoracha an FSS a leanúint agus tá rúndacht na foirne agus na ndaltaí riachtanach i gcónaí.

**Tá sé riachtanach go bhfuil sonraí teagmhála gach páiste ag an Oifig.**

**Má tá do phaiste in aon ceann dena catagóir thíos, ná sheol ar scoil iad:**

- Páistí le Covid 19 orthu
- Páistí atá mar dhlúth-theagmhálaithe le duine le Covid 19
- Páistí le cás amhrasta Covid 19 agus ata ag feitheamh ar thoradh scrúdú
- Páistí atá mar dhlúth-theagmhálaí le duine le cás amhrasta atá ag fanacht ar thoradh scrúdú
- Páistí le fadhbanna sláinte, le treoir acu ón ndochtúir gan freastal ar scoil.
- Páiste a bhí thar lear, agus go bhfuil ga leo féin aonrú ar feadh 14 lá.
- Páisti atá tinn go ginearálta
- 

### **Siomptóim Covid-19 a aithint**

Chun leathadh COVID-19 a chosc is tábhachtach eolas a bheith agat faoi na siomptóim agus iad a aithint. Is iad sin:

- ✓ Teocht ard
- ✓ Casacht
- ✓ Gearranáil
- ✓ Boladh nó blas a bheith cailte nó blas as riocht



## **Plean Lóistíochtúil**

### **Ag tacú le páistí nach bhfuil in ann freastal ar scoil**

Muna bhfuil páiste in ann freastal ar scoil ar feadh tréimhse fada, eagróidh an múinteoir ranga nó an Múinteoir Oideachas Speisialta gníomhaíochtaí don pháiste le tacú le foghlaim sa bhaile, in éineacht leis na tuismitheoirí.

### **Tionchar cás amhrasta no cás cinnte de COVID-19 ar rang**

### **Má chuirtear an scoil ar an eolas go bhfuil cás amhrasta nó cás Covid I rang do pháiste**

- Cuirtear gach tuiste sa rang sin ar an eolas
- Leanfar comhairle an Slainte Phoiblí

### **Fearas Pearsanta**

- Mas féidir, iarrtar ar pháistí a dtrealamh pearsanta a thabhairt leo ar scoil, le stóráil sa chás peannluaidhe agus gan iad a roinnt: pinn luiadhe scriosán, rialóir srl.
- B'fhiú ainm do pháiste a chur ar gach píosa trealamh.
- Iarrtar ar thuistí cóipleabhair, leabhair a ghlanadh go laethúil.

### **Leagan amach na scoile agus nósanna scoile a athrú**

Aithnítear i treoirlínte ón Roinn Oideachas go bhfuil cur chuige cothrom ag teastáil sna mbunscoileanna. Deánfar gach iarracht idirghníomhaíochtaí a laghdú sna seomraí ranga, le laghdú ar theagmhail idir ranga agus le laghdú ar áiseanna comh-roinnte

Oibreoidh na múinteoirí agus na páistí lastigh dena bolgáin ranga. Séard is bolgán ann ná rang a choinnítear le cheile, scartha óna ranganna eile.

### **Naíonáin Shóisir go Rang 2**

Aithnítear go bhfuil sé fíor-dheacair ar pháistí óga scaradh fisiciúl a dhéanamh taobh istigh. Mar sin, níl aon gá dóibh scaradh fisiciúl a choinneáil sa bholgáin ranga.

### **Rang 3- Rang 6**

Beidh páistí R3- R6 eagraithe de réir faighneoga, lastigh den bholgáin ranga, le huasmhéid de seisear i ngach faighneog. Más féidir, beidh bearna 1 méadair idir gach faighneog. Beidh troscán bainte óna seomraí chun an spás a mhéadú.

### **Doras & Fuinneoga**

Deánfar iarracht na doirse a choinneáil ar oscailt, chun laghdú ar theagmháil srl..





## **Plean Lóistíochtúil**

Coinneofar fuinneoga ar oscailt más féidir, le cabhru le aerú. Beidh fuinneoga ar oscailt ag am sosa.

Is féidir le páistí canadh ar an gclós, in ionad na seomraí. Níl cead ag tuistí freastal ar aon seisiún amhránaíochta.

Ní bheidh ceachtanna feadóige ar siúl i mbliana.

### **Lón**

Deánaigí cinnte de go bhfuil lón ag do phaiste, chun laghdú ar theacht agus imeacht tuistí l rith an lá scoile. Mheabhraigh le páistí gan lón/deoch a roinnt.

Íosfaidh na páistí lon sna seomraí, mar is gnáth.

### **Éadaí Scoile**

Níl treoir nó comhairle ar fáil, a mholann éadaí scoile a ghlanadh gach lá. Mar sin, leanfar an gnáth cleachtais maidir le éadaí scoile. Caithfear éadaí scoile Luan- Céadaoin agus éadaí spóirt na scoile Déardaoin agus Aoine.

Mar scoi, molaimid go ladir go gcaitheann páistí na héadaí scoile l rith an lá scoile amháin. Moltar éadaí scoile a bhaint nuair a fhilleann an páiste ar an mbaile.

### **Fótacóipeáil**

Glanfaidh gach duine an gléas fótacóip ina dhiaidh.

### **Cruinnithe Tuistí/Múinteoirí**

Ar siúl i Mí Eanáir ar Zoom.

### **Seomra Foirne**

Coinneoidh gach ball foirne fad 2 mhéadair eatarthu sa seomra foirne. Tá uasmhéid de cheathrar ceadaithe sa seomra foirne.

Beidh cruinnithe foirne ar Zoom.

B'fhiú don fhoireann cupán, pláta, seanra srl a thabhairt leo ar scoil, le cosc a chur ar roinnt uirlisí sa seomra foirne.

### **Teagaisc & Foghlaim**

Mar fhoireann, táimid aireach go bhfuil na páistí théis bheith as láthair ón 22 Nollaig. Tuigimid an t-am a chaitear ar Foghlaim Baile agus aithnítear na dúshláin a bhain leis.



## **Plean Lóistíochtúil**

Beidh gach páiste ag céim éagsúil maidir lena gcuid foghlaim agus teastaíonn uainn a chur in iúil daoibh go dtógfar seo san áireamh agus an fhoireann ag pleanáil Teagaisc & Foghlaim don scoilbhliain 2020/21.

Tá treoracha curaclam foilsithe ag an Roinn Oideachas agus beidh said seo á leanúint againn sa scoil.

### **Mascanna.**

I dtreoirínte leasaithe an HPSC le haghaidh CRSanna, a foilsíodh ar an 7 Eanáir 2021, moladh clúdaigh aghaidhe ar chaighdeán máinliach do gach CRS.

Ag teacht leis an gComhairle Sláinte Poiblí, níor cheart go mbeadh clúdaigh aghaidhe/masc á n-úsáid ag daltaí sa bhunscoil.

Beidh masc curtha ar fáil do gach ball foirne agus beidh gá leo iad a chaitheamh an t-am ar fad. I gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfadh le ball foirne díolúine ó mhasc, de réir treoracha FSS. Tá gá teastas dochtúra a sheoladh chuig an mBord Bainistíochta sa chás seo.

Dóibh siúd a bhíonn ag oibriú le páistí le deacrachtaí cumarsáide, cuirfear masc trédhearcach ar fáil.

### **Lámhainní**

Nil aon ghá le páistí lámhainní indiúscartha a chaitheamh.

Nil aon ghá don fhoireann iad a chaitheamh ach i gcás go bhfuileadar ag tabhairt faoi Chéad Cabhair nó ag tabhairt do dhlúthchúram pearsanta an pháiste.

Beidh níos mo béime ar shláinteachas láimhe ná ar lámhainní.

### **Sláinteachas agus Glantuchán i Scoileanna**

Tá Díghalrán Láimhe lonnaithe tríd na scoile- I ngach seomra ranga srl..

Tá uisce agus gallúnach ar fáil i ngach seomra folctha.

Beidh béim ar Shláinteachas Láimhe agus iarrtar ar thuismihteoirí/ caomhnóirí cabhrú linn leis an teachtaireacht seo a atreisiú.



## **Plean Lóistíochtúil**

Ag cloí le treoracha na Roinne, beidh an scoil glanta ina n-iomlan ar a laghad uair gach lá. Beidh béim ar na phointí teagmhála, ar nós hanla doirse, cnaipí, pointí sa seomra folctha agus sa chistin.

Beidh fearas glantucháin ar fáil do gach ball foirne agus beidh said ag glanadh a n-áit oibre féin roimh agus tar éis gach lá scoile. . Níl cead an fearas seo a bhaint ón scoil.

Bailítear bruascar go rialta ón scoil, mar is gnáth.

Beidh fearas pearsanta ag gach ball foirne- cupán, pláta srl..

Beidh páistí ag glanadh lámha le díghalrú nuair a thagann siad ar scoil, roimh agus tar éis sosa agus ag deireadh an lae.

### **Acmhainní comhroinnte**

Bíonn gá le trealamh ar nós iPad, ríomhairí srl a roinnt. Beidh gach fearas glanta i ndiaidh gach úsáid.

### **Clós**

Beidh rochtain ag gach bolgáin ranga ar an gclós I rith am clós ar leith. Beidh achar den chlóis ainmnithe do gach bolgán. Beidh múinteoirí agus cúntóirí, a oibríonn leis na mbolgáin shuí ag déanamh feitheoireacht ar an gclós, chomh fada is féidir.

### **Múinteoirí Oideachas Speisialta, Cúntóirí**

Beidh laghdú ar an méid taisteal timpeall na scoile a dhéanann na cúntóirí agus na múinteoirí Oideachas Speisialta, más féidir.

Beidh nósanna glantucháin ar siúl acu agus iad ag bogadh ó rang go rang.

### **Tacaíocht Foghlama**

Beidh Oideachas Speisialta ar fáil , mar is gnáth, idir tacaíocht inranga agus aistarraingt. Oibreoidh an múinteoir lastigh dena faighneoga agus na bolgáin.

Má tá beirt oide ag oibriú in éineacht lena chéile I seomra, beidh siad aireach de scaradh fisiciúl an t-am ar fad.

I gcás go bhfuil páistí ag freastail ar ranganna Oid.Speisialta I seomra beag, beidh scaradh de 1 méadair eatarthu.

Beidh na boird agus cathaoireacha glanta i ndiaidh gach ceacht sa seomra Oideachas Speisialta.

### **TCP**

Beidh TCP ar fáil do gach ball foirne. Beidh an fhoireann ag cloí le treoracha ón Roinn Oideachas maidir le TCP.



## **Plean Lóistíochtúil**

### **Asláithreachtaí agus Ionadaíocht**

I gcás nach bhfuil oide in ann freastail ar scoil, déanfar gach iarracht ionad a aimsiú don rang. Muna bhfuil ionad ar fáil, níl sé oiriúnach an rang a scaradh I ngrúpaí beaga le seoladh go ranganna eile.

I gcás mar seo, tá seans nach mbeadh an ragn in ann teach tar scoil ar an lá seo.

Má tharlaíonn seo, cuirfear tuisti ar an eolas chomh luath is féidir.

### **CorpOideachas**

Beidh ceachtanna Corpoideachas ar siul taobh amuigh chomh minic is féidir, ag brath ar an aimsir. Beidh gach fearas glanta I ndiaidh úsáid.

### **Gníomhaíochtaí Seach-Curaclam**

Deánfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an dtopaic seo I ndiaidh Téarma 1. Faoi láthair, ní cheadaítear de pháistí ó bhlogáin éagsúla meascadh ag an am céanna. Cruthaíonn an dá am dúnadh scoile deacrachtaí freisin. Mar sin, ní féidir le gníomhaíochtaí, ar nós Club obair Bhaile a chur ar fáil I rith Téarma 1. Deanfar athbhreithniú ar seo I Mi Eanáir.

### **Nótaí Thábhachtach maidir le teacht agus imeacht.**

#### **Ar maidin- Ná tar chuig na scoile ró-luath**

Am Oscailte: 8.50am Grúpa A ,9.05am Grúpa B

Tuistí/ caomhnóirí agus páistí le teacht isteach tríd an ngeata siulóide agus amach tríd an gcúlgeata.

#### **A Mhalairt san Iarnóin**

Am Dúnadh: 1.30in, 2.30in, 2.45in Tuistí le teacht isteach tríd an gcúlgeata, páistí a bhailiú ón gclós agus amach tríd an ngeata siulóide.

Cruthaíonn an córas seo bealach sábháilte dos na páistí teacht is imeacht ón scoil, ag baint úsáide as an Maor Tráchta i gcónaí.



## Plean Lóistíochtúil

Nóta: Ní bheidh maor tráchtá ar fáil ag am dúnadh 1.30i.n

Tá teaghlaigh sa chomhphobail scoile le páistí i nGrúpa A (Naíonáin, Rang 1, Rang 4) agus i ngrúpa B (R2, R3, R3, R5, R6).

1)

Tá cead ag siblíni teacht ar chlós na scoile le chéile ag 8.50am.

Beidh feitheoireacht curtha ar fáil dóibh siúd a thagann ag 8.50am lena siblín, ach nach dtosnaíonn go dtí 9.05am

Cloí le am oscailte do pháiste le bhur dtola.

**Group A: 8.50am- 2.30pm Rang Naíonáin Bheaga, Rang Naíonáin Mhóra, Rang 1, Rang 4**

**Group B: 9.05am – 2.45pm Rang 2, Rang 3, Rang 3, Rang 5, Rang 6**

2) Tá cead ag páistí ó Ranganna 4, 5 agus 6 an clós a fhágáil leo féin, le cead an tuiste. **Tugtar an ceadúnas seo tríd Aladdin. Tá cead ag páistí níos óige an clós a fhágáil le deartháir nó deirfiúr atá níos sine ó R4, R5 nó R6, chomh fada lis atá siad i ngrúpa B le chéile.**

Tá freagracht ar gach tuiste/ caomhnóir cinntiú go bhfuil a bpáiste sábháilte nuair a fhágann siad clós na scoile

Ní féidir linn siblíni ó ghrúpa A gus ó Ghrúpa B a scaoileadh ag an am céanna. Críochnóidh siad ag an t-am cuí dá ghrúpa , sé sin, 2.30i.n nó 2.45i.n

Beidh athbhreithniú ar an bplean seo go rialta. Iarrtar oraibh tacú linn leis an bplean seo a chur í bhfeidhm.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil libh as bhur tacaíochta, tuiscint, foighne agus obair dhian de i rith an dúnadh scoile agus le linn an eagrúcháin uilig chun an scoil a athoscailt.

Ní Neart go cur le Chéile



## **Plean Lóistíochtúil**